| Meitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta | Cruinniú 8: An 8 agus an 16 Eanáir 2025 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Réamhrá, miontuairiscí, leithscéalta, nithe ag éirí, agus léiriú spéise.** | Mar gheall ar an aimsir chrua, tionóladh an chéad chuid den chruinniú ar líne an 8 Eanáir, agus tionóladh an dara leath den chruinniú i láthair i bPort Laoise an 16 Eanáir. Pléadh míreanna 1 – 4 ar an gClár Oibre ar líne. Pléadh na míreanna eile ag an gcruinniú ar an láthair an 16 Eanáir. Fuarthas leithscéalta, faomhadh agus leasaíodh miontuairiscí. Gnóthaí a tháinig chun cinn: shábhálfaí plé ar ghnóthaí a bhaineann le measúnú don chruinniú ar an láthair. Soiléiríodh an amlíne maidir leis an athfhorbairt. Níor cuireadh aon dearbhuithe leasa in iúl. |
| **Soiléire na dTéarmaí** | Pléadh an tuiscint chomhroinnte ar fhocail atá sa dréachtshonraíocht amhail Inniúlacht Teanga, Punann, Machnamh, Comhionannas vs. Cothromas agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL). |
| **Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire** | Phléigh an mheitheal a comhfhís maidir le foghlaim an scoláire i seomra ranga Béarla na hArdteistiméireachta. Beidh foclaíocht don chuid seo ar fáil don chéad chruinniú eile. |
| **Measúnú** | Pléadh agus aontaíodh na riachtanais don chúrsa maidir le líon na dtéacsanna, na bhfilí agus na saothar de chuid Shakespeare a mbeidh staidéar le déanamh orthu.<br><br>Bhí go leor plé ar cé chomh lárnach is atá scileanna cainte sa tsonraíocht agus bhí plé oscailte ann ar conas is féidir measúnú a dhéanamh air sin ar bhealach iontaofa, cothrom. D'fhorbair an mheitheal togra eile ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) eile, ina ndéanfaí measúnú ar an staidéar comparáideach trí bhéaltriail, in éineacht leis an CMB ar an Scríbhneoireacht Chruthaitheach.<br><br>Forbrófar an fhoclaíocht don togra athbhreithnithe sin roimh chruinniú speisialta sa bhreis atá sceidealaithe don 20 Eanáir. Bhí gach comhalta seachas comhalta amháin den mheitheal forbartha i bhfabhar an togra sin. |
| **Seisiún iomlánach** | Na chéad chéimeanna eile:<br>• Reáchtálfar an chéad chruinniú eile an 20 Eanáir ar líne chun plé a dhéanamh ar an togra athbhreithnithe maidir le CMB eile agus chun nóta a fhorbairt don Bhord agus don Chomhairle chun iarradh ar an athrú seo ó na paraiméadair mheasúnaithe aontaithe. |